2026/2310

21.10.2026

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2310 ÓN gCOIMISIÚN

## an 19 Deireadh Fómhair 2026

## lena n-aisghairtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí ar tugadh fóirdheontas ina leith, ar allmhairí iad ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 18 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

### 1. NÓS IMEACHTA

#### 1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) I mí na Bealtaine 2014, d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') dleachtanna frith-fhóirdheontais frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tSín' nó 'Daon-Phoblacht na Síne') le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 471/2014 ón gCoimisiún ([2]) ('an t-imscrúdú bunaidh').

(2) In imeachtaí ar leith, d'fhorchuir an Coimisiún dleachtanna frithdhumpála idir 0,4 % agus 36,1 % i mí na Bealtaine 2014 freisin ([3]). I mí Lúnasa 2015, tar éis ath-imscrúdú ionsúcháin, leasaigh an Coimisiún na bearta frithdhumpála le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1394 ón gCoimisiún ([4]). Le Rialachán (AE) 2020/1080 ([5]), tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), chuir an Coimisiún fad leis an dleacht frithdhumpála chinntitheach go ceann 5 bliana eile

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 ([7]) ('an t-athbhreithniú éaga roimhe seo'), chuir an Coimisiún síneadh 5 bliana eile leis an dleacht frithchúitimh chinntitheach ('na bearta atá i bhfeidhm'), tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 55, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1037/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 471/2014 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2014 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 142, 14.5.2014, lch. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/471/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 470/2014 ón gCoimisiún an 13 Bealtaine 2014 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 142, 14.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2014/470/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1394 ón gCoimisiún an 13 Lúnasa 2015 lena leasaítear Rialachán (AE) 470/2014, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/588, lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis ath-imscrúdú ionsúcháin de bhun Airteagal 12 de Rialachán (CE) 1225/2009 ón gComhairle (IO L 215, 14.8.2015, lch. 42 ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1394/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1080 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 238, 23.7.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1080/oj).

([6]) Rialachán (AE) Uimh. 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad (códú) (IO L 176, 30.6.2016, lch. 21. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1036/oj).

([7]) 7. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081 ón gCoimisiún an 22 Iúil 2020 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 238, 23.7.2020, lch. 43, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1081/oj).

(4) Is idir 3,2 % agus 17,1 % atá na dleachtanna aonair cinntitheacha atá i bhfeidhm faoi láthair. Tá gach cuideachta eile faoi réir dleacht 17,1 % ar fud na tíre ('na bearta atá i bhfeidhm').

### 1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(5) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([8]) fuair an Coimisiún Eorpach iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2016/1037 ('an bun-Rialachán').

(6) Is é Interfloat Group, i.e., Interfloat Corporation agus GMB Glasmanufaktur Brandenburg GmbH (na hiarratasóirí) a chuir an iarraidh isteach an 19 Aibreán 2025 thar ceann thionscal gloine gréine an Aontais de réir bhrí Airteagal 10(6) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar an bhforas gur dócha go ndéanfaí dumpáil arís agus go ndéanfaí díobháil arís do thionscal an Aontais dá rachadh na bearta in éag.

### 1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(7) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 25(1) den bhun-Rialachán, go raibh fianaise leordhóthanach ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga an 22 Iúil 2025 maidir le hallmhairí gloine gréine isteach san Aontas de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('Daon-Phoblacht na Síne', 'an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 18 den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé fógra tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([9]) ('an fógra tionscnaimh').

### 1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(8) An t-imscrúdú chun a fháil amach an leanfar den fhóirdheonú nó an ndéanfar an athuair é, cumhdóidh sé an tréimhse ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). An t-imscrúdú ar na treochtaí atá ábhartha chun a mheas an dócha go leanfar den díobháil nó go ndéanfar an athuair í, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go deireadh thréimhse an imscrúdúcháin ('an tréimhse faoi bhreathnú').

### 1.5. **Páirtithe leasmhara**

(9) San fhógra tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na hiarratasóirí, táirgeoirí aitheanta an Aontais, úsáideoirí an táirge faoi athbhreithniú san Aontas, táirgeoirí aitheanta i nDaon-Phoblacht na Síne agus údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, allmhaireoirí, úsáideoirí, trádálaithe aitheanta, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach, ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(10) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara a gcuid barúlacha a thabhairt maidir le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta i gcomhair imeachtaí trádála.

(11) D'iarr páirtí amháin éisteacht le seirbhísí an Choimisiúin. Tionóladh éisteacht idir an Coimisiún agus Solar Heat Europe, comhlachas a dhéanann ionadaíocht ar roinnt úsáideoirí atá gníomhach i dteicneolaíocht grianteasa, an 11 Bealtaine 2026. Bhain an éisteacht le himscrúduithe an athbhreithnithe, ar chláraigh siad mar pháirtí leasmhar ina dhiaidh sin agus d'ardaigh siad argóintí a mhionsonraítear a thuilleadh i roinn 6.2.

### 1.6. **Sampláil**

(12) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 27 den bhun-Rialachán.

([8]) 8. Fógra maidir le dul in éag beart frith-fhóirdheontais áirithe atá le tarlú, (IO C, C/2024/6328, 24.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6328/oj).

([9]) 9. Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frith-fhóirdheontais is infheidhme i dtaca le hallmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO C, C/2025/4010, 22.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/4010/oj).

*Táirgeoirí an Aontais a shampláil*

(13) San fhógra tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige, cé nach raibh gá le sampláil ar tháirgeoirí de chuid an Aontais sa chás seo, i bhfianaise an lín bhig táirgeoirí san Aontas Eorpach a tháinig chun cinn. Is éard a bhí sa sampla sin an dá tháirgeoir de chuid an Aontais atá liostaithe san iarraidh ar athbhreithniú. Bhí thart ar 70 % de tháirgeacht agus de dhíolacháin an Aontais ag an dá tháirgeoir an tráth sin, ar táirgeacht agus díolacháin iad atá ionadaíoch ar thionscal de chuid an Aontais. I gcomhréir le hAirteagal 27(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Níor tugadh aon bharúil. Tá an dá chuideachta seo a leanas sa sampla:

— AGC Glass Europe ('AGC');

— GMB Glasmanufaktur Brandenburg GmbH ('GMB') agus Interfloat Corporation ('Interfloat Group').

*Allmhaireoirí a* shampláil

(14) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhchomhlachaithe an fhaisnéis a sonraíodh san fógra tionscnaimh a sholáthar.

(15) Tháinig dhá allmhaireoir chun tosaigh ar dtús, UAB Soli Tek Cells ('Soli Tek') agus Sunerg Solar Energy ('Sunerg'), agus seoladh ceistneoir an allmhaireora neamhchomhlachaithe chucu. Tar éis an freagra ar an gceistneoir a fháil ó Soli Tek, thángthas ar an gconclúid gur úsáideoir seachas allmhaireoir í an chuideachta sin. Dá réir sin, d'iarr an Coimisiún orthu ceistneoir na n-úsáideoirí a líonadh isteach. Níor thug Sunerg freagra ar an gceistneoir.

*Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil*

(16) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, má bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin aitheanta sa tSín an fhaisnéis a shonraítear san fhógra tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh. Ní bhfuair an Coimisiún aon fhreagra ó GOC.

(17) Níor chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne.

(18) Dá réir sin, chuir an Coimisiún údaráis na Síne ar an eolas le Nóta Briathartha an 5 Samhain 2025 go raibh sé beartaithe aige dul i muinín na bhfíoras atá ar fáil faoi Airteagal 28 den bhun-Rialachán le linn dó scrúdú a dhéanamh ar leanúint nó atarlú an fhóirdheonaithe. Níor fhreagair údaráis na Síne an Nóta Briathartha.

### 1.7. **Freagraí ar an gceistneoir**

(19) Sheol an Coimisiún ceistneoir frith-fhóirdheontais chuig Rialtas na Síne. Níor thug Rialtas na Síne aon fhreagra ar an gceistneoir.

(20) D'iarr an Coimisiún ar na hiarratasóirí, ar tháirgeoir eile an Aontais, agus ar na húsáideoirí na ceistneoirí a cuireadh ar fáil ar a shuíomh gréasáin ([10]) lá an tionscnaimh a líonadh isteach. Fuair an Coimisiún freagraí ar an gceistneoir ó na táirgeoirí (GMB/ Interfloat, agus AGC) agus ó úsáideoirí (Soli Tek, SOLVIS agus Bisol). Seoladh litreacha easnaimh chuig GMB agus chuig Interfloat, AGC, agus SOLVIS.

(21) Níor chuir na hiarratasóirí an macraicheistneoir isteach d'ainneoin iarrataí iomadúla ó ranna an Choimisiúin. Chuir Bisol freagra an-easnamhach ar an gceistneoir isteach agus níor thug sé freagra ar fhiosrúcháin an Choimisiúin.

([10]) Suíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh, https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2807.

### 1.8. **Fíorú**

(22) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den díobháil agus nó go dtarlóidh sí arís agus maidir le leas an Aontais. De bhun Airteagal 26 den bhun-Rialachán, tugadh cuairteanna fíorúcháin ar na cuideachtaí seo a leanas:

Cuideachta díolacháin a bhaineann leis an Aontas:

— Interfloat Coporation, Rugell, Lichtinstéin;

Úsáideoirí:

— Soli Tek Cells, trí fhíschomhdháil;

— SOLVIS, trí fhíschomhdháil.

(23) Níorbh fhéidir na cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh mar gheall ar staid thionscal an Aontais. Chuir an dá tháirgeoir stop leis an táirgeadh ag tús 2025. Rinne an gearánach, GMB Glasmanufaktur Brandenburg GmbH, iarratas ar dhócmhainneacht i mí na Samhna 2025, agus chuir sé na cuairteanna fíorúcháin sceidealaithe ar ceal faoi dhó ar ghearrfhógra. Ní raibh an táirgeoir eile, AGC, in ann foireann cáis an Choimisiúin a fháil mar gheall ar an stopadh táirgeachta. Ar an mbonn sin agus in éagmais comhlachas tiomnaithe ([11]), níor cuireadh sciar substaintiúil faisnéise isteach agus ní fhéadfadh an Coimisiún é a fhíorú.

(24) Rinne ranna an Choimisiúin cros-seiceáil chianda ar an bhfaisnéis a sholáthair na húsáideoirí thuasluaite.

### 1.9. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(25) An 28 Lúnasa 2026, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe aige na dleachtanna frithchúitimh a aisghairm. Tugadh tréimhse do na páirtithe leasmhara uile ina raibh siad in ann barúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh.

(26) Tar éis an nochta, ní bhfuarthas aon bharúil agus níor iarr aon pháirtí éisteacht.

## 2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

### 2.1. **An táirge faoi athbhreithniú**

(27) Is é atá sa táirge faoi athbhreithniú gloine gréine arb é atá inti gloine-chomhréidh-aoil-shóide fhaghartha, ina bhfuil cion iarainn is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300–2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250 °C (a thomhaistear de réir EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha Δ 150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus neart meicniúil 90 N/mm$^2$ nó níos mó aige (a thomhaistear de réir EN 1288-3), atá faoi láthair faoi chód AC ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) ('an táirge faoi athbhreithniú'). Áirítear ar an ngloine ghréine atá faoi réir dleachtanna frithchúitimh an ghloine uile a chomhlíonann na saintréithe teicniúla agus fisiciúla a luaitear thuas, cé acu a bhaintear úsáid aisti le haghaidh modúil fhótavoltacha, tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh, troscáin, tithe gloine a thógáil, nó le haghaidh úsáidí eile'.

(28) Féadfaidh gloine gréine a bheith patrúnaithe nó neamhphatrúnaithe, le dromchla trédhearcach nó idirleata nó le himealloibreacha éagsúla. Is féidir patrúin éagsúla a bheith ann ar an dá thaobh den ghloine, nó is féidir patrún aontaobhach a bheith air. D'fhéadfadh druileálacha a bheith ag gloine gréine, agus is féidir í a phriontáil freisin trí dhathanna ceirmeacha a chur uirthi, mar shampla. Féadfar dromchla na gloine a chóireáil trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí éagsúla. Is é bratú in aghaidh frithchaitheamh an ceann is coitianta a chuirtear roimh an bpróiseas faghartha nó ina dhiaidh. Le teicneolaíochtaí eile, is féidir an ghloine gréine a bhratú le sraitheanna tanaí feidhmiúla lena soláthraítear airíonna méadaithe tarchurais, féinghlantacha, frithshalacha nó cruais.

(29) Tá gloine gréine ar cheann de na comhpháirteanna chun modúil fhótavoltacha sileacain chriostalta agus modúil fhótavoltacha scannáin thanaí a dhéanamh chun leictreachas a tháirgeadh ('modúil fhótavoltacha'), chomh maith le tiomsaitheoirí comhréidhe fuinnimh fhótaiteirmigh a úsáidtear, mar shampla, chun uisce te a ghiniúint ('modúil fhótaiteirmeacha'). Úsáidtear é freisin chun tithe gloine a thógáil (dá ngairtear 'gloine ghairneoireachta' nó 'gloine tí gloine' uirthi).

([11]) Tá deireadh tagtha le EU Pro Sun Glass, comhlachas trádála gloine gréine an Aontais, ó rinneadh an t-imscrúdú roimhe seo.

### 2.2. **An táirge lena mbaineann**

(30) Is é an táirge lena mbaineann an t-imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne atá faoi láthair faoi chód AC ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85).

### 2.3. **An táirge comhchosúil**

(31) Mar a suíodh san imscrúdú bunaidh agus san imscrúdú athbhreithnithe éaga roimhe seo, tá na saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha céanna agus na húsáidí deiridh céanna ag gloine gréine a tháirgeann agus a dhíolann tionscal an Aontais san Aontas agus ag gloine gréine a tháirgtear agus a dhíoltar ar mhargadh intíre Dhaon-Phoblacht na Síne agus ag gloine gréine a allmhairítear isteach san Aontas ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad de réir bhrí Airteagal 2(c) den bhun-Rialachán.

## 3. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN FHÓIRDHEONÚ NÓ GO nDÉANFAR AN ATHUAIR É**

(32) Rinne an Coimisiún scrúdú ar cé acu a leanadh nó nár leanadh den fhóirdheonú trí anailís a dhéanamh ar cé acu a lean nó nár lean na fóirdheontais a frithchúitíodh san imscrúdú bunaidh de bheith ag dul chun tairbhe do thionscal na gloine gréine.

### 3.1. **Réamhrá: stádas thionscal gloine gréine na Síne**

(33) Sa 13ú Plean Cúig Bliana maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta Dhaon-Phoblacht na Síne ([12]) ('an 13ú Plean Cúig Bliana'), lena gcumhdaítear an tréimhse 2016-2020, cuirtear i dtábhacht fís straitéiseach Rialtas na Síne chun príomhthionscail, amhail tionscal an ghrianfhuinnimh, a fheabhsú agus a chur chun cinn. Is é an 13ú Plean Cúig Bliana comharba an 12ú Plean Cúig Bliana, inar formhuiníodh tionscal na gloine gréine mar phríomhréimse chun monaraíocht a fhorbairt.

(34) Cuirtear in iúl i gCaibidil 30 den 13ú Plean Cúig Bliana tiomantas Rialtas na Síne 'Córas Fuinnimh Nua-Aimseartha [a thógáil]'. Le Roinn 1 den Chaibidil sin, go háirithe, soláthraítear fianaise láidir go measann Rialtas na Síne fós gur tionscal spreagtha é tionscal na gloine gréine. Go deimhin, scríobhtar i Roinn 1 go leanfaidh '[Rialtas na Síne] d'ugach a thabhairt d'fhorbairt (…) na cumhachta fótavoltaí', agus go gcuirfidh '[Rialtas na Síne] feabhas ar bheartais tacaíochta maidir le giniúint leictreachais ó (…) ghrianfhuinneamh (…)'. Thairis sin, déanfar 'forbairt (…) grianfhuinnimh fhótavoltaigh sna réigiúin thuaidh, thoir thuaidh agus thiar thuaidh agus i limistéir chósta' a bharrfheabhsú i gcomhthéacs Tionscadal Forbartha Fuinnimh. Léirítear sna sleachta sin go leanann Rialtas na Síne de thacaíocht a thabhairt don tionscal grianfhuinnimh a bhfuil an ghloine gréine fíor-riachtanach ina leith agus, dá bhrí sin, gur cuid lárnach í d'fhorbairt an tionscail grianfhuinnimh.

(35) Níos déanaí fós, luaitear sa 14ú Plean Cúig Bliana ([13]) ('an 14ú Plean Cúig Bliana') go 'gcuirfidh [Rialtas na Síne] an réabhlóid fuinnimh chun cinn, go dtógfaidh sé córas fuinnimh glan, ísealcharbóin, sábháilte agus éifeachtúil, agus go gcuirfidh sé feabhas ar chumais dearbhaithe soláthair fuinnimh. Cuirfimid dlús le forbairt fuinnimh neamhiontaise, cloífimid le modhanna láraithe agus dáilte araon go comhuaineach, méadóimid go fuinniúil scála na cumhachta gaoithe agus na giniúna cumhachta fótavoltaí, cuirfimid dlús le forbairt fuinnimh dháilte sna réigiúin thoir agus láir [agus] méadóimid cion an fhuinnimh neamhiontaise sa tomhaltas fuinnimh iomlán go dtí thart ar 20 %'.

(36) Agus é mar chuspóir croí-iomaíochas monaraíochta a mhéadú in 'ábhair nua ardleibhéil', luaitear sa Phlean Cúig Bliana céanna go ndéanfaidh rialtas na Síne 'dul chun cinn a chur chun cinn maidir le hardmhiotail agus ábhair neamhorgánacha neamh-mhiotalacha amhail ábhair fheidhmeacha tearc-chré ardleibhéil, […] agus gloine leictreonach'.

(37) Luaitear i gCinneadh Uimh. 40 ón gComhairle Stáit ([14]) maidir leis na 'Forálacha Sealadacha maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch a Chur Chun Cinn' a Chur i bhFeidhm agus a Chur Chun Feidhme (dá dtagraítear, in éineacht leis na 'Forálacha Sealadacha maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch a Chur Chun Cinn' mar 'Chinneadh Uimh. 40') 'go dtacóidh rialtas na Síne go gníomhach le forbairt tionscal nua fuinnimh agus go gcuirfidh sé dlús le forbairt an ghrianfhuinnimh' agus ordaítear d'institiúidí airgeadais na Síne tacaíocht chreidmheasa a sholáthar do thionscadail spreagtha agus dóibhsean amháin; agus geallann sé 'beartais fhabhracha eile a chur chun feidhme i leith na dtionscadal a spreagtar'.

([12]) Tá an t-aistriúchán Béarla ar fáil ag https://leap.unep.org/en/countries/cn/national-legislation/13th-five-year-plan-national-economic-and-social-development.

([13]) Tá an t-aistriúchán Béarla ar fáil ag https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/.

([14]) Tá an t-aistriúchán Béarla ar fáil ag https://www.lawinfochina.com/display.aspx?lib=law&id=4828&CGid=.

(38) Ina theannta sin, 'le Cinneadh Uimh. 9 ón gComhairle Stáit maidir leis an gCatalóg Threorach maidir le hOiriúnú an Struchtúir Thionsclaíoch a Chur i bhFeidhm agus a Chur Chun Feidhme ([15]) ('Cinneadh Uimh. 9') 'moltar go gníomhach' do Rialtas na Síne agus do ghníomhaireachtaí poiblí 'forbairt tionscal ábhartha a threorú, uasghrádú an struchtúir thionsclaíoch a bharrfheabhsú'. Luaitear go sonrach i bpointe 12(2) de Chinneadh Uimh. 9 spreagadh táirgthe 'gloine ríthanaí le haghaidh thionscal an ghrianfhuinnimh'.

(39) Cuireadh an 'Catalóg um Athstruchtúrú Tionscail a Threorú' ([16]) in ionad an chinnidh sin in 2024, rud a d'fhógair Coimisiún Náisiúnta na Síne um Fhorbairt agus Athchóiriú ('NDRC'), agus coinníodh an tagairt chéanna.

(40) Mar fhocal scoir, measann Rialtas na Síne fós go bhfuil tionscal na gloine gréine ar cheann atá le spreagadh.

### 3.2. **Neamh-chomhar agus úsáid na bhfíoras atá ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 28(1) den bhun-Rialachán**

(41) Mar a luaitear in aithris (17), níor chomhoibrigh aon táirgeoir onnmhairiúcháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne. Dá bhrí sin, bhain an Coimisiún úsáid as fíorais a bhí ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán.

(42) An 05 Samhain 2025, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Níor thug Rialtas na Síne aon fhreagra ar an gceistneoir.

(43) Dá réir sin, chuir an Coimisiún Rialtas na Síne ar an eolas, trí Nóta Briathartha an 20 Feabhra 2026, go raibh sé beartaithe aige úsáid a bhaint as na fíorais atá ar fáil faoi Airteagal 28(1) den bhun-Rialachán maidir leis an bhfaisnéis a iarradh ar Rialtas na Síne. Cuireadh Rialtas na Síne ar an eolas go bhféadfadh sé nach mbeadh toradh atá bunaithe ar na fíorais atá ar fáil chomh fabhrach céanna.

(44) Ní bhfuarthas aon bharúlacha maidir leis sin. Mheas an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 28 den bhun-Rialachán, go raibh gá le fíorais a úsáid chun aon chinneadh a dhéanamh maidir le leanúint de chleachtais fóirdheontais na Síne i dtionscal na gloine gréine. Dá réir sin, d'úsáid an Coimisiún na fíorais uile a bhí ar fáil dó dá anailís, go háirithe:

— An iarraidh ar athbhreithniú éaga ('an iarraidh ar athbhreithniú');

— Torthaí an imscrúdaithe bunaidh agus an athbhreithnithe éaga roimhe sin; agus

— Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le saobhadh suntasach i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críche imscrúdú cosanta trádála ([17]) ('An Tuarascáil maidir leis an tSín');

— Fóirdheontais agus cláir fhóirdheontais a scrúdaíodh san imscrúdú reatha, go háirithe iad siúd a mheabhraítear in aithrisí (32) go (39) den Rialachán seo.

(45) Bunaithe ar an bhfianaise ar an gcomhad a luaitear faoi aithris (44) den Rialachán seo, agus go háirithe ar aithrisí (43) go (129) den athbhreithniú éaga roimhe seo agus ar mhíreanna 70 go 189 de na hiarrataí ar athbhreithniú, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil fianaise leordhóthanach ann gur leanadh d'fhóirdheonú thionscal na gloine gréine i nDaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus gur dócha go leanfar de amach anseo.

## 4. **AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DÍOBHÁIL NÓ GO nDÉANFAR AN ATHUAIR Í**

### 4.1. **Staid tháirgeacht an Aontais**

(46) Suíodh san imscrúdú, ó bhí tús 2025 ann, nár táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú san Aontas. Ag céim na hiarrata, ní raibh ach GMB Glasmanufaktur Brandenburg agus AGC Glass Europe fós ag oibriú. Mar sin féin, scoir an dá tháirgeoir den táirgeadh sa chéad ráithe de 2025, agus dheimhnigh na forbairtí i ndiaidh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe go raibh an táirgeadh fós ar fionraí.

([15]) Le fáil ag https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/201104/t20110426_960731.html.
([16]) Le fáil ag https://www.ndrc.gov.cn/xxgk/zcfb/fzggwl/202312/P020231229700886191069.pdf.
([17]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála, an 10 Aibreán 2024, SWD (2024) 91 final, atá le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2024)91&lang=ga.

(47) Thug táirgeoirí de chuid an Aontais le fios go bhféadfaí an táirgeadh a atosú dá leanfaí leis na bearta a luaithe a thiocfadh feabhas ar dhálaí an mhargaidh. Le linn an imscrúdaithe, áfach, ní raibh táirgeoirí an Aontais in ann bunús a thabhairt leis an ionchas sin. Níor sholáthair siad aon ghné lena léirítear go dtiocfadh feabhas ar dhálaí an mhargaidh, ná aon chomhaontú ceangailteach, maoiniú urraithe ná plean oibríochtúil lena léirítear go bhféadfaí atosú a dhéanamh agus cathain a d'fhéadfaí é sin a dhéanamh. Ar an gcaoi chéanna, níor tugadh aon doiciméad don Choimisiún lenar tugadh údar le tús a chur an athuair leis an táirgeadh nó le táthcheangal na gníomhaíochta ábhartha, d'ainneoin gur thug sé deis go sainráite do tháirgeoirí an Aontais fianaise den sórt sin a chur isteach.

(48) I bhfianaise easpa aon fhaisnéis infhíoraithe, níorbh fhéidir leis an gCoimisiún, dá bhrí sin, a shuí gur dhócha go dtosófaí arís ar tháirgeacht an Aontais laistigh de thréimhse a mbeadh coinne réasúnta léi.

(49) Go bhfios don Choimisiún, ba iad GMB agus AGC an t-aon dá tháirgeoir gloine gréine de chuid an Aontais a bhí fágtha ag tús thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Le linn an imscrúdaithe, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le húsáideoirí agus le comhlachais chun a fhíorú an raibh aon táirgeoir eile an táirge faoi athbhreithniú gníomhach san Aontas. Chuathas i dteagmháil le táirgeoirí féideartha eile; níor sholáthair siad aon léiriú, áfach, ar aon táirgeadh ná ar aon ghníomhaíocht i leith an táirge faoi athbhreithniú. Níor tháinig aon táirgeoir eile chun cinn le linn an imscrúdaithe.

(50) Mhaígh an dá úsáideoir fhíoraithe, UAB Soli Tek cells agus SOLVIS d.o.o., gur cheart, i bhfianaise a bhfuil thuas, an t-imscrúdú a fhoirceannadh láithreach ar an bhforas gur scoir tionscal an Aontais den táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(51) Go deimhin, chuaigh GMB i mbun imeachtaí dócmhainneachta i mí Iúil 2025 agus, ina dhiaidh sin, líomhnaíodh go ndeachaigh sé i mbun caibidlíochta le hinfheisteoir nua chun a ghníomhaíochtaí a ghlacadh ar láimh.

(52) Maidir leis an iarraidh ó na húsáideoirí deireadh a chur leis an imscrúdú, thug an Coimisiún dá aire go mbeadh sé róluath an tráth sin, i bhfianaise na n-imeachtaí dócmhainneachta leanúnacha, teacht ar an gconclúid gur scoir an tionscal de bheith ann ar bhonn buan. Dá bhrí sin, níor chuir an Coimisiún deireadh leis an imeacht toisc nach raibh tionscal de chuid an Aontais ann. Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún leanúint den imscrúdú agus measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise uile a bhí ar fáil.

(53) Faoin am a tugadh an t-imscrúdú i gcrích, áfach, ní raibh tús curtha arís leis an táirgeadh san Aontas, agus níor chuir na hiarratasóirí aon fhianaise infhíoraithe ar fáil maidir le táthcheangal féideartha.

(54) Go deimhin, faoi dheireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, ní raibh tionscal gloine gréine an Aontais tar éis a ghníomhaíochtaí a atosú ná a mhonarchana a athoscailt chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh.

(55) Sna himthosca sin, níl aon tionscal de chuid an Aontais ann de réir bhrí Airteagal 9 den bhun-Rialachán a bhféadfaí scrúdú a dhéanamh ar a staid chun an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís a chinneadh, ná aon táirgeadh a bhféadfadh na bearta atá ann cheana leanúint de chosaint a thabhairt ina leith.

(56) Ar bhonn a bhfuil thuas, chinn an Coimisiún gur scoir tionscal an Aontais dá ghníomhaíochtaí táirgthe a bhaineann leis an táirge faoi athbhreithniú agus nach ann d'aon ionchas infhíoraithe go n-atosófar é laistigh de thréimhse réasúnta intuartha. Sa chás seo, in éagmais aon táirgeacht de chuid an Aontais ag deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, in éagmais tionscal de chuid an Aontais de réir bhrí Airteagal 9 den bhun-Rialachán, agus toisc nach féidir scrúdú a dhéanamh ar staid thionscal an Aontais agus toisc nár cuireadh aon ionchas infhíoraithe ar fáil go n-atosófar a tháirgeacht, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach dócha go leanfar den díobháil ná go dtarlóidh sí arís.

## 5. **CÚISÍOCHT**

(57) Suíodh san imscrúdú nach dócha go leanfar den díobháil ná go dtarlóidh sí arís, agus dá bhrí sin ní raibh gá le hanailís ar chúisíocht i bhfianaise na gconclúidí a leagtar amach sa roinn thuas.

## 6. **LEAS AN AONTAIS**

(58) Cé gur leordhóthanach ann féin an cinneadh a leagtar amach in aithris (56) chun teacht ar an gconclúid nár cheart na bearta a choinneáil ar bun, rinne an Coimisiún scrúdú freisin, ar mhaithe le hiomláine agus i gcomhréir le hAirteagal 31 den bhun-Rialachán, lena fháil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithchúitimh atá ann cheana. Cinneadh leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla uile lena mbaineann, lena n-áirítear leasanna thionscal an Aontais, na n-allmhaireoirí agus na n-úsáideoirí.

### 6.1. **Leas thionscal an Aontais**

(59) Mar a mhínítear i Roinn 4, suíodh leis an imscrúdú gur scoir tionscal an Aontais de ghloine gréine a tháirgeadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, agus dá bhrí sin, níl aon tionscal gníomhach de chuid an Aontais ann faoi láthair, de facto.

(60) D'áitigh tionscal an Aontais go n-athbhunódh fadú an bhirt an tionscal ar choinníoll go dtiocfadh feabhas ar dhálaí an mhargaidh. Mar a luaitear in aithris (47), dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin mar gheall ar an easpa fianaise tacaíochta.

(61) Mar a mhínítear i Roinn 1.8, níorbh fhéidir aon chuid den fhaisnéis a chuir táirgeoirí an Aontais isteach a fhíorú. I bhfianaise staid an iarratasóra, agus go háirithe i bhfianaise a éagumais arís agus arís eile an fhaisnéis a iarradh a chur isteach agus chun gur féidir an fhaisnéis a cuireadh isteach a fhíorú, mheas an Coimisiún nach raibh tionscal an Aontais in ann leas leanúnach iarbhír i gcoinneáil ar bun na mbeart a léiriú.

(62) Dá bhrí sin, sa staid reatha, in éagmais aon táirgeadh gníomhach den táirge faoi athbhreithniú ag tionscal an Aontais agus, gan aon ionchas infhíoraithe ann go n-atosófar an táirgeadh, ní fhéadfadh an Coimisiún aon leas a shainaithint do thionscal an Aontais maidir le síneadh a chur leis na bearta chun an tionscal a chosaint ar chleachtais éagóracha trádála a d'fhéadfadh a bheith ann a bhaineann le táirge nach dtáirgeann sé a thuilleadh.

### 6.2. **Leas na n-úsáideoirí**

(63) Is éard atá in úsáideoirí gloine gréine monaróirí modúl fótavoltach, an tionscal teirmeach gréine, agus go pointe áirithe, monaróirí tithe gloine.

(64) Chuir na húsáideoirí uile in iúl go raibh siad i gcoinne leanúint leis na bearta. D'áitigh úsáideoirí, in éagmais táirgeadh gloine gréine san Aontas, go ngníomhaíonn na bearta *de facto* mar cháin.

(65) Rinne an Coimisiún cros-seiceáil chianda ar dhá úsáideoir, ar monaróirí grianphainéal iad araon. Le linn an fhíorúcháin, rinne an Coimisiún measúnú ar thionchar an dá thoradh a d'fhéadfadh a bheith ar an imscrúdú.

(66) Ní athródh leanúint na mbeart staid na n-úsáideoirí. Bheadh gloine gréine de thionscnamh na Síne fós faoi réir dleachtanna frithchúitimh. In éagmais tháirgeacht an Aontais, áfach, níl de rogha ag úsáideoirí an Aontais ach a ngloine gréine a allmhairiú. Dá bhrí sin, dá gcoinneofaí na bearta ar bun, mhéadófaí na costais ar úsáideoirí iartheachtacha a fhaigheann a ngloine gréine ón tSín gan aon tairbhe a sholáthar do thionscal réamhtheachtach a scoir go héifeachtach de bheith ag oibriú.

(67) Ar an taobh eile, bheadh tionchar dearfach díreach ag foirceannadh na mbeart ar chostas táirgthe na n-úsáideoirí. Suíodh san imscrúdú gur sciar mór de struchtúr costais táirgeoirí painéal gréine atá i ngloine ghréine. Is ionann gloine gréine agus thart ar 12 % go 18 % de chostas táirgthe modúl caighdeánach. I bhfianaise an aga táirgthe agus an tseachadta ón tSín, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh 4 mhí ar a laghad ag teastáil ó thionscal na n-úsáideoirí sula dtairbheoidís d'fhoirceannadh na mbeart, i bhfoirm laghdú ar a gcostas táirgthe, rud a mbeadh brabúis níos airde nó gnóthachan iomaíochais san Aontas mar thoradh air ar deireadh.

(68) I margadh iartheachtach arb é is saintréith dó brú láidir praghsanna agus corrlaigh chúnga, meastar go gcuirfidh laghdú beag fiú ar chostas táirgthe na n-úsáideoirí feabhas ar a gcumas dul in iomaíocht le modúil allmhairithe.

(69) Ar an mbonn sin, ní chun leas an Aontais é leanúint de na bearta, ach dá gcuirfí deireadh leo, chuirfí feabhas ar iomaíochas thionscal iartheachtach na ngrianmhodúl gan dochar a dhéanamh d'aon táirgeoir de chuid an Aontais ós rud é nach bhfuil aon cheann acu gníomhach sa mhargadh sin.

### 6.3. **An chonclúid maidir le leas an Aontais**

(70) Ar bhonn an mhéid thuas, agus na leasanna lena mbaineann á meá ag an gCoimisiún, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil aon chúis láidir ann a bhaineann le leas an Aontais fad a chur leis na bearta.

(71) Os a choinne sin, leis an anailís ar leas an Aontais, a mhéid a bhaineann le leas na n-úsáideoirí go háirithe, cuirtear ar a gcumas do na bearta dul in éag. In éagmais tionscal gníomhach de chuid an Aontais, ní fhónann na bearta a thuilleadh don chuspóir ar forchuireadh iad ina leith.

## 7. **CONCLÚID**

(72) Leanann sé ó na breithnithe thuas gur cheart, faoi Airteagal 18(1) den bhun-Rialachán, na dleachtanna frithchúitimh is infheidhme maidir le hallmhairí gloine gréine de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, arna bhforchur le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 471/2014 agus arna leathnú faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1081, a aisghairm. Mar a luaitear in aithris (70), tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil leas Aontais ann a thugann údar le leanúint de na bearta.

(73) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Aisghairtear leis seo na dleachtanna frithchúitimh ar allmhairí gloine gréine arb é atá iontu gloine-chomhréidh-aoil-shóide fhaghartha, ina bhfuil cion iarainn is lú ná 300 csm, tarchuras gréine is mó ná 88 % (a thomhaistear de réir AM1,5 300-2 500 nm), friotaíocht in aghaidh teasa suas le 250 °C (a thomhaistear de réir EN 12150), friotaíocht in aghaidh turraingí teirmeacha Δ 150 K (a thomhaistear de réir EN 12150) agus ag a bhfuil neart meicniúil 90 N/mm 2 nó níos mó (a thomhaistear de réir EN 1288-3), atá faoi láthair faoi chód AC ex 7007 19 80 (cóid TARIC 7007 19 80 12, 7007 19 80 18, 7007 19 80 80 agus 7007 19 80 85) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus foirceanntar an t-imeacht a bhaineann leis na hallmhairí sin.

2. Aon dleacht a bailíodh ó dháta tionscnaimh imscrúdú an athbhreithnithe éaga seo ar earraí a ndearnadh imréiteach custaim orthu, déanfar í a aisíoc ar choinníoll go n-iarrtar sin ar na húdaráis náisiúnta custaim agus go ndeonaíonn na húdaráis sin i gcomhréir le reachtaíocht custaim an Aontais is infheidhme maidir le haisíocaíocht agus loghadh dleachtanna. Ní íocfaidh na húdaráis náisiúnta custaim lena mbaineann ús mar thoradh ar aisíocaíocht den sórt sin.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Deireadh Fómhair 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN